# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815-1993**

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
**Lyndon Johnson agus Vítneam, 1963-1968**

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

**1.** (a) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, cén aincheist atá roimh an Uachtarán Johnson go luath sa bhliain 1965?

(b) I ndoiciméad A, cad iad na cúiseanna a thugann an tUachtarán Johnson le SAM a choinneáil sa chogadh in Vítneam?

(c) Cad dó a seasann an páiste i ndoiciméad B? Tabhair cúis le do fhreagra.

(20)

**2.** (a) Cé acu doiciméad, A nó B, is éifeachtaí a chuireann an argóint i gcion, dar leat? Mínigh do fhreagra, agus tú ag tagairt don dá dhoiciméad.

(b) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, bhí coinne ag Johnson go ndéanfaí é a chéasadh le cáineadh fíochmhar. An dóigh leat gur sampla de cháineadh fíochmhar atá i ndoiciméad B? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

(20)

**3.** (a) An aontófá go bhfuil an tUachtarán Johnson, i ndoiciméad A, ciontach as áibhéil? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

(b) Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le doiciméad B mar fhoinse staire?

(20)

**4.** Cén fáth nach raibh an tUachtarán Johnson in ann an bua a fháil sa chogadh i Vítneam? (40)

**-Doiciméad A-**

**Sliocht arna chur in eagar ó agallamh a thug Lyndon Johnson sa bhliain 1970, dhá bhliain tar éis dó éirí as oifig.**


Bhí a fhios agam ó [go luath i 1965] go gcéasfaí mé cibé ceann den dá bhealach a mbogfainn. Dá dtréigfinn an bhean a raibh grá agam di dáiríre – an Mhór-Shochaí – d'fhonn a bheith bainteach leis an mbitseach sin de chogadh ar an taobh eile den domhan, chaillfinn gach uile rud sa bhaile. Mo chuid clár go léir. Gach dóchas a bhí agam lucht an ocrais a bheathú agus foscadh a thabhairt don dream gan dídean. Gach dúil a bhí agam in oideachas agus cúram leighis a chur ar fáil.

Ach dá dtréigfinn an cogadh agus ligean do na cumannaithe Vítneam Theas a ghabháil, ansin d'fhéachfaí ormsa mar mheatachán agus ar mo náisiún mar dhream a ghéilleann de ghrá na síochána, agus ní bheadh ar mo chumas rud ar bith a bhaint amach do dhuine ar bith áit ar bith ar fud na cruinne uile. Dá bhfágfainn Vítneam agus ligean do Ho Chi Minh rith trí shráideanna Saigon, ansin bheadh duais mhór á bronnadh agam ar an ionsaitheoir. Ghluaisfeadh Moscó agus Péicing [APSS agus an tSín] ar luas lasrach chun teacht i dtír ar ár laige-ne. Agus is mar sin a thosódh an Tríú Cogadh Domhanda.

(Doris Kearns Goodwin, *Lyndon Johnson and the American Dream*, Nua-Eabhrac, 1991)

**-Doiciméad B-**

Foilsíodh an cartún seo in *The Washington Post*, ar 26 Eanáir, 1965.
Deir an tUachtarán Johnson, fear an tábhairne: "Bogaigí sall beagáinín, a fheara, le bhur dtoil."



## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cérbh iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le Dónall Ó Conaill mar pholaiteoir? (100)
2. Cad a chuir Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholson le gnóthaí na hÉireann? (100)
3. Cén chaoi ar chuir Éire Óg agus/nó an Fíníneachas le náisiúnachas na hÉireann? (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1870, cé na príomhfhorbairtí sna healaíona cruthaitheacha agus/nó san eolaíocht agus sa teicneolaíocht in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a bhí an chorraíl faoi chúrsaí talún sa tréimhse 1870-1914 ina cúis leis an leasú a rinneadh ar chóras na talún? (100)
2. Cé na fadhbanna a bhí ag bochtáin uirbeacha na hÉireann agus cé na hiarrachtaí a rinneadh chun iad a réiteach sa tréimhse anuas go dtí 1914? (100)
3. Cad a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis na hathbheochana cultúrtha sa tréimhse 1870-1914: CLG; Conradh na Gaeilge; W.B. Yeats? (100)
4. Sa tréimhse anuas go dtí 1914, cé acu ab éifeachtaí mar cheannaire, John Redmond nó Edward Carson? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt cheannairí. (100)

*Éire: Topaic 3*

### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a bhí an Conradh Angla-Éireannach, 1921, ina chúis leis an gCogadh Cathartha in Éirinn? (100)
2. Cad iad na céimeanna a thug rialtais Éireannacha chun an daonlathas a dhaingniú, 1923-1945? (100)
3. Cén tábhacht a bhain le Comhdháil Chorp Chríost, 1932, do Shaorstát Éireann? (100)
4. Cé chomh maith agus a riar an Páirtí Aontachtach gnóthaí Thuaisceart Éireann, 1920-1939? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar bhain tábhacht leis an stáisiún coraintín in Grosse Îsle i stair na himirce a rinne muintir na hÉireann? (100)
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le náisiúnaigh agus/nó le hAontachtaithe Éireannacha ina gcuid iarrachtaí tacaíocht a fháil ó na hÉireannaigh thar lear, 1840-1920? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag misinéirí Éireannacha ar an Afraic agus/nó ar an Áise? (100)
4. Cé chomh maith agus a léirigh scríbhinní Dhomhnaill Mhic Amhlaigh saol an imircigh Éireannaigh i Sasana? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le rialtas Thuaisceart Éireann freagairt d'fhadhbanna sóisialta agus eacnamaíocha, 1949-1969? (100)
2. Cén fáth ar bhain conspóid le roghnú Chúil Raithin mar shuíomh don dara hollscoil i dTuaisceart Éireann? (100)
3. Cén fáth ar tháinig gluaiseacht na gCeart Sibhialta chun cinn i dTuaisceart Éireann, agus ar éirigh léi? (100)
4. Cad iad na hiarrachtaí a rinneadh chun réiteach síochánta a aimsiú ar na "Trioblóidí", 1973-1993? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhdhúshláin shóisialta agus eacnamaíocha a bhí roimh Éirinn sa tréimhse 1949-1959? (100)
2. Cad a chuir daoine mar Sylvia Meehan agus/nó Mary Robinson le ról athraitheach na mban i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989? (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Jack Lynch mar Thaoiseach agus gnóthaí inmheánacha agus seachtracha na hÉireann á riar aige? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag an réabhlóid i gcúrsaí cumarsáide (an teilifís san áireamh) ar Éirinn? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
### Náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharla réabhlóid sa Ghearmáin sa bhliain 1848 agus cad iad na torthaí a bhí uirthi? (100)
2. Conas a d'athraigh an Fhrainc ó bheith ina monarcacht go raibh sí ina poblacht agus go raibh sí ina himpireacht le linn na tréimhse, 1815-1871? (100)
3. Cén fáth a raibh an saol crua ar oibrithe talmhaíochta agus tionsclaíochta araon san Eoraip, 1815-1871? (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1871, cad iad na príomhfhorbairtí i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: an leictreachas; an bhitheolaíocht; an teicneolaíocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé acu is fearr a riar Bismarck, gnóthaí inmheánacha nó gnóthaí seachtracha na Gearmáine? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá réimse. (100)
2. Conas a riar stáit Eorpacha an caidreamh leis na heaglaisí agus/nó le mionlaigh reiligiúin (e.g. na Giúdaigh) sa tréimhse, 1870-1914? (100)
3. Cé na cúiseanna a bhí leis an gCéad Chogadh Domhanda? (100)
4. Le linn na tréimhse 1871-1920, cad iad na príomhfhorbairtí i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: an eolaíocht; an teicneolaíocht; an leigheas? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Lenin agus Stalin leis an gCumannachas sa Rúis? (100)
2. Cé acu is mó a raibh fadhbanna sóisialta agus eacnamaíocha aici le linn na mblianta idirchogaidh, an Bhreatain nó an Ghearmáin? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá thír. (100)
3. Conas a chuir Seosamh Goebbels agus/nó Leni Riefenstahl leis an mbolscaireacht Naitsíoch? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar phobal sibhialtach na Breataine agus/nó na Fraince? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le héirí amach na hUngáire, 1956, agus cén fáth ar theip air? (100)
2. Cad a chuidigh agus cad a chuir cosc le fás geilleagrach san Eoraip, 1945-1973? (100)
3. Cad a chuir Mikhail Gorbachev le stair na Rúise agus na hEorpa? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cad iad na príomhfhorbairtí i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: cultúr na hóige agus an cultúr coiteann; spórt; na hollmheáin chumarsáide? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na deacrachtaí a bhain le cúlú na Breataine as an India, 1945-1947? (100)
2. Cé acu is mó a chuidigh le náisiúnachas na hÁise, Ho Chi Minh in Vítneam nó Achmad Sukarno san Indinéis? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt cheannairí. (100)
3. Cad iad na fadhbanna agus na deiseanna a chuir an neamhspleáchas ar fáil do na hiarchoilíneachtaí san Afraic? (100)
4. Cén tslí ar fhág coilíneachas na Breataine oidhreacht luachmhar ina diaidh, maidir le litríocht iarchoilíneach agus le stádas an Bhéarla mar theanga dhomhanda? (100)

# Leathanach Bán